Tuarascáil ar Nochtuithe Cosanta 2018

Nochtuithe cosanta faighte ag oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ag cuimsiú na tréimhse ón 1 Eanáir go 24 Bealtaine 2018

Nochtuithe cosanta faighte ag oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ag cuimsiú na tréimhse ón 25 Bealtaine 2018 go 31 Nollaig 2018

Bunú Coimisiún nua um Chosaint Sonraí
Bunaíodh oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí faoin na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Ba iad feidhmeanna an Choimisinéara ná iad siúd a bhí leagtha amach in Alt 9 den Acht 1988 arna leasú. Ón 25 Bealtaine 2018, tá Coimisiún nua um Chosaint Sonraí i ndiaidh teacht in ionad an gCoimisinéir Cosanta Sonraí. De réir agus faoi bharr Alt 14 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, aistríodh gach feidhm a dhílsítí sa Choimisinéir Cosanta Sonraí roimhe sin chuig an gCoimisiún.

Dá réir sin, tá an Tuarascáil 2018 seo ar Nochtuithe Cosanta ullmhaithe ag an gCoimisiún nua um Chosaint Sonraí. Leagann an Tuarascáil seo amach na nochtuithe cosanta faighte ag –

- oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go 24 Bealtaine 2018, agus

- an gCoimisiún nua um Chosaint Sonraí i rith na tréimhse ón 25 Bealtaine 2018 go 31 Nollaig 2018.

Polasaí an CCS ar nochtuithe cosanta
Dearadh polasaí an CCS faoi théarmaí an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 chun éascú agus spreagadh le hoibrithe fíor-imní inmheánach a chur in iúl faoi éagóir a d'fhéadfadh a bheith i gceist san áit oibre, ionas go féidir fiosrúchán a dhéanamh ar na hábhair imní seo, ag luí le prionsabail an cheartas aiceanta, agus tugtha faoi i mbealach cuí le cúinsí an cháis.

Éilíonn Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ar chomhlachtaí poiblí tuarascáil maidir leis an mbliain roimhe sin a ullmhú agus a fhoilsiú faoin 30 Meitheamh gach bliain, i bhfoirm gan ainm.

Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí:
Nochtuithe Cosanta faighte in rith na tréimhse 1 Eanáir 2018 go 24 Bealtaine 2018

De bhun Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, deimhníonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí gur don tréimhse 1 Eanáir 2018 go 24 Bealtaine 2018

- Ní bhfuarthas aon nochtadh cosanta inmheánach (ó fhoireann an Choimisinéara Cosanta Sonraí).

- Fuarthas dhá nochtuithe cosanta (leagtha amach sa tábla thíos) ó dhaoine aonair lasmuigh den CCS maidir le ceisteanna faoi chosaint sonraí in aonáin eile. Ardaíodh na cásanna seo leis an CCS ina ról mar 'dhuine forordaithe' mar atá foráilte faoi Alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta (liostaithe in I.R. 339/2014 arna leasú le I.R. 448/2015).

Uimhir Thagartha	Cineál	Dáta faighte	Stádas	Toradh
1/19/1/7	Cuid 7 (seachtrach, leis an CCS mar 'dhuine forordaithe')	22 Aibreán 2018	Dúnta	Dúnta – níor choinnigh an gearánach leis an gcúram
1/19/1/6	Cuid 7 (seachtrach, leis an CCS mar 'dhuine forordaithe')	19 Aibreán 2018	Dúnta	Dúnta – níor choinnigh an gearánach leis an gcúram

An Coimisiún um Chosaint Sonraí:
Nochtuithe Cosanta faighte i rith na tréimhse ón 25 Bealtaine 2018 go 31 Nollaig 2018

De bhun Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, deimhníonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí gur don tréimhse 25 Bealtaine 2018 go 31 Nollaig 2018

- Ní bhfuarthas aon nochtadh cosanta inmheánach (ó fhoireann an Choimisiún).

- Fuarthas dhá nochtuithe cosanta (leagtha amach sa tábla thíos) ó dhaoine aonair lasmuigh den Choimisiún maidir le ceisteanna faoi chosaint sonraí in aonáin eile. Ardaíodh na cásanna seo leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ina ról mar 'dhuine forordaithe' mar atá foráilte faoi Alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta (liostaithe in I.R. 339/2014 arna leasú le I.R. 448/2015).

Uimhir Thagartha	Cineál	Dáta faighte	Stádas	Toradh
1/19/1/10	Cuid 7 (seachtrach, leis an CCS mar 'dhuine forordaithe')	27 Deireadh Fómhair 2018	Oscailte	Ceist á fhiosrú faoi Airteagal 57(1)(f) den RGCS
1/19/1/9	Cuid 7 (seachtrach, leis an CCS mar 'dhuine forordaithe')	5 Meán Fómhair 2018	Dúnta	Dúnta – níor choinnigh an gearánach leis an gcúram
1/19/1/8	Cuid 7 (seachtrach, leis an CCS mar 'dhuine forordaithe')	22 Meitheamh 2018	Dúnta	Dúnta – níor choinnigh an gearánach leis an gcúram